

BIM Ireland's Seafood Development Agency

# Pacáiste eolais d'iarrthóirí

**Bia Mara Oifigeach Rannpháirtíochta Oideachais (AOF)**

**An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais: 29 Iúil 2024**



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

## Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

## Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

## Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



| Cuntas ar an Ról | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Bia Mara Oifigeach Rannpháirtíochta Oideachais (AOF) |
| Conradh: | Conradh sainchuspóra sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027 (EMFAF) |
| Áit: | Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, nó aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha Bhord Iascaigh Mhara |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Tuairisceoidh an duine sa ról go díreach chuig Bainisteoir Forbartha Scileanna BIM. |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Próifíl an Aonaid Scileanna<br><br>Tá BIM ag forbairt agus ag soláthar cláir oiliúna le beagnach ceathracha bliain agus is soláthraí é atá aitheanta ag QQI agus atá creidiúnaithe ag ISO. Gach bliain, cuireann BIM níos mó ná 1,000 ionad oiliúna foirmiúil ar fáil do mhic léinn. Tá na cláir oiliúna a chuirtear ar fáil dírithe go sonrach orthusan atá ag obair sa tionscal bia mara, ina gcuirtear sainoiliúint ar fáil do na hearnálacha iascaireachta mara, dobharshaothraithe, miondíola agus próiseála bia mara. Áirítear orthu sin cláir faoi shábháilteacht ar muir, cumarsáid raidió, deimhnithe inniúlachta, loingseoireacht, cumas maidir le bád paisinéirí, tumadóireacht tráchtála, scileanna ceannaithe éisc agus cláir cheannaireachta. Bíonn idir chláir ghearra agus chláir níos faide a mhaireann roinnt míonna i gceist leis na cláir sin.<br><br>Is tacaíocht inaitheanta, an-fheiceálach agus ríthábhachtach iad foireann agus saoráidí oiliúna BIM don earnáil. Filleann go leor mic léinn ar BIM chun cur lena gcuid scileanna agus gairmeacha. Cruthaíonn sé sin caidrimh agus ceangail láidre idir BIM agus cliaint. Is ionad il-láithreán é Aonad Oiliúna BIM ina soláthraítear oiliúint ar fud na hÉireann: De réir mar atá tionscal bia mara na hÉireann fós ag forbairt, tá ról ag BIM chun tacaíocht agus seirbhísí a chur ar fáil chun na daoine sin a oibríonn sa tionscal nó a d'fhéadfadh dul isteach sa tionscal a uasoiliúint.<br><br>Tá BIM ag seoladh straitéis Scileanna nua, "The Next Wave. Straitéis Scileanna BIM le haghaidh Earnáil Inbhuanaithe Bia Mara, 2023-2028". Tacóidh uaillmhianta agus spriocanna na straitéise seo le hearnáil bia mara na hÉireann chun na dúshláin agus deiseanna sna blianta amach romhainn a stiúradh. Tá sé d'fhís againn go mbeadh earnáil ann atá tarraingteach agus aitheanta go forleathan, a chuireann conair ghairme thairbheach agus éagsúil ar fáil agus a fhaigheann tacaíocht ó na daoine cumasacha gairmiúla sábháilte nua-aimseartha atá ar fáil. Tabharfar aghaidh ar an uaillmhian sin trí bhéim láidir a leagan ar fheasacht a ardú ar an oiliúint a chuireann BIM ar fáil agus aird a tharraingt ar na gairmeacha tairbheacha éagsúla san earnáil. |



## Achoimre ar an Ról

Oibreoidh an duine sa ról laistigh den aonad chun tacú le Straitéis Scileanna BIM a chur ar fáil agus béim ar leith a leagan ar iontrálaithe nua a tharraingt isteach chuig an earnáil bia agus mara agus conairí gairme a chruthú agus a chur chun cinn san earnáil bia mara.
Tá rún ag BIM an líon iontrálaithe nua a mhéadú ar fud na hearnála trí aird a tharraingt ar na deiseanna atá ann do ghairm iontach agus shásúil, ó iascaireacht agus dobharshaothrú, go hinnealtóireacht agus margaíocht.

Léiríodh i dtaighde nach bhfuil tuismitheoirí, mic léinn agus comhairleoirí gairme go hiomlán ar an eolas faoi na cineálacha gairmeacha ar féidir leis an earnáil bia mara a chur ar fáil. Tabharfaidh BIM faoi bhearta soiléire chun aghaidh a thabhairt air sin amhail feasacht a ardú ar éagsúlacht na ról ar féidir leis an earnáil bia mara a chur ar fáil d'iontrálaithe nua. Cuirfidh BIM an nádúr ardteicneolaíochta ardluacha a ghluaiseann go tapa atá ag an earnáil chun cinn chomh maith leis na deiseanna suntasacha gairme a eascraíonn as sin. Cuirfidh muid feachtas cumarsáide ar fáil chun dearcadh na hearnála bia mara a fheabhsú mar earnáil fhuinniúil iontach chun gairm a bhaint amach. Tá deis shuntasach ann do BIM chun conairí gairme soiléire forásacha a chruthú agus a chur chun cinn do na daoine sin laistigh den earnáil bia mara. In éagmais na conaire gairme seo, d'fhéadfadh sé tarlú nach spreagfaí iontrálaithe nua chun dul isteach san earnáil nó d'fhéadfadh an fhoireann atá ann an earnáil a fhágáil mura féidir leo deiseanna soiléire dul chun cinn a fheiceáil.

Beidh an duine sa ról freagrach as cláir nuálacha chomhaimseartha a dhearadh, a fhorbairt, a chur ar fáil agus a thuairisciú, cláir atá dírithe ar aird a tharraingt ar ghairmeacha agus tacaíochtaí uasoiliúna laistigh d'earnáil bia mara na hÉireann do réimse mac léinn, tionscadal agus páirtithe leasmhara oideachais.



## Freagrachtaí

- Gairmeacha bia mara agus scileanna muirí a mhapáil.
- Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar thug earnálacha eile in Éirinn agus thar lear aghaidh ar an dúshlán chun iontrálaithe a tharraingt isteach san earnáil.
- Creat d'ardú céime i ngairmeacha bia mara BIM a chruthú lena gclúdaítear gach oiliúint scileanna a chuireann BIM ar fáil. Cuirfidh sé sin in iúl an chaoi a gcuirfidh BIM oiliúint agus ár spriocluct féachana chun cinn.
- Freastal ar imeachtaí gairme, tionscail agus oideachais chun scileanna agus gairmeacha bia mara a chur chun cinn.
- Cláir a fhorbairt lena n-áirítear Samhail Gairmeacha Bia Mara do Lucht na hIdirbhliana.
- Deiseanna a fhiosrú chun feithicil agus ardán ardaithe céime ar fud na hearnála bia mara a fhorbairt, cosúil le Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe BIM, chun cuairt a thabhairt ar scoileanna agus imeachtaí gairme. Cuirfidh sé sin deiseanna gairme agus oiliúna aghaidh ar aghaidh agus ar líne araon chun cinn laistigh den earnáil bia mara i gcoitinne.
- Tabhairt faoi phríomhspriocanna straitéiseacha agus iad a bhaint amach mar atá leagtha amach i straitéis Scileanna BIM.
- Tuairisciú a dhéanamh ar rannpháirtíocht, tionchar agus Príomhtháscairí Feidhmíochta maidir leis an ról agus clár.
- An tionscadal a riar (buiséad, soláthar agus soláthraithe seirbhíse a bhainistiú).
- Bainistiú tionscadal agus pleanáil oibre.
- Ábhar digiteach a fhorbairt agus a chur ar fáil.
- Ceisteanna GDPR a bhainistiú.
- Buiséid agus pleananna oibre bliantúla a fhorbairt.
- Eolas faoin earnáil bia mara a fhorbairt le múinteoirí agus comhairleoirí gairme.
- Tionscadail a fhorbairt chun earnáil bia mara na hÉireann a thabhairt isteach ar an gcuraclam oideachais náisiúnta.
- Ceangail a fhorbairt le comhairleoirí gairme agus le múinteoirí chun feasacht ar ghairmeacha san earnáil bia mara a chur chun cinn.
- Dualgais eile a d'fhéadfadh a shannadh



## Cúlra leis an Riachtanas:

Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le pobail agus tionscal bia mara na hÉireann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.

Tá an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) ar bun ó 2021 go 2027 agus tacaíonn sé le comhbheartas iascaigh an AE, le beartas muirí an AE agus le clár oibre an AE le haghaidh rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan.

Is éard is fís an CEMID ná "Tacaíocht a thabhairt d'earnáil bia mara na hÉireann atá acmhainneach, cliste ó thaobh na haeráide, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus brabúsach d'fhonn a rannchuidiú le poist agus forbairt a uasmhéadú agus na gníomhaíochtaí sóisialta agus eacnamaíochta atá ag an gcuid is mó de na pobail chósta inbhuanaithe agus bhríomhara a choinneáil".

Tá maoiniú faighte ag Éirinn faoin CEMID (An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe) chun tacú leis an CEMID a chur i bhfeidhm. Tá sé d'aidhm ag Misean a Dó den CEMID tacaíocht a thabhairt do 'Earnáil Bia Mara atá Nuálach, Iomaíoch agus Acmhainneach agus atá faoi thionchar na Teicneolaíochta agus Daoine Cumasacha.'

Áireofar tacaíochtaí leis sin go sonrach chun:

1 - Tacaíocht a thabhairt don Nuálaíocht i ngach earnáil.

2 - Athnuachan ó ghlúin go glúin agus sláinte agus sábháilteacht gach oibrí earnála bia mara a chur chun cinn.

3 - Tacaíocht a thabhairt d'iascaigh cois cósta ar scála beag.

4 - Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus do theacht aniar i gach earnáil bia mara.

5 - Aistriú eolais agus forbairt scileanna ar feadh an tsaoil a chur chun cinn (lena n-áirítear inniúlacht dhigiteach i ngach earnáil.

Chun baint amach na físe agus an mhisin a chumasú, déanfaidh BIM réimse tionscnamh a fhorbairt agus a chur ar fáil chun feasacht a ardú ar ghairmeacha in earnáil bia mara na hÉireann agus tacú le forbairt scileanna d'earnáil bia mara ghairmiúil chomhaimseartha.



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal.
- Taithí ar chláir for-rochtana oideachais a fhorbairt / a chur ar fáil.
- Dea-scileanna rannpháirtíochta agus ábalta oibriú le cliaint agus páirtithe leasmhara, go háirithe mic léinn de gach aois, agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo.
- Scileanna éifeachtúla eagrúcháin agus riaracháin.
- Ábalta tús áite a thabhairt do spriocdhátaí agus iad a bhaint amach.
- Scileanna maithe cumarsáide cur i láthair sa scríobh agus ó bhéal le feidhmiú ina ambasadóir do BIM agus don earnáil bia mara.
- Ceadúnas glan tiomána agus rochtain ar d'iompar féin toisc go mbeidh taisteal rialta ag teastáil sa ról.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Oideachas ar leibhéal céime máistir.
- Taithí roimhe seo ar chláir for-rochtana oideachais a fhorbairt / a chur ar fáil.
- Tuiscint ar earnáil mhuirí nó earnáil bia mara na hÉireann.
- Ábalta torthaí a chur in iúl do réimse leathan páirtithe leasmhara.

## Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost:

- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach.
- Taithí chruthaithe ar bheith ag obair le comhpháirtithe ilchineálacha chun spriocanna coiteanna a bhaint amach.
- An cumas a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.

## Teagmhálaithe:

| | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Comhghleacaithe ar fud Aonad Seirbhísí BIM um Fhorbairt Scileanna, chomh maith le réimse leathan comhghleacaithe ar fud BIM, chun cur chuige tras-eagraíochta a chumasú maidir le gairmeacha agus scileanna a chur chun cinn laistigh den earnáil bia mara. |
| Lasmuigh de BIM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, MSO, comhpháirtithe tionscadail, páirtithe leasmhara tionscail, an earnáil ardoideachais tríú leibhéal. |
| Oiliúint | Níl aon riachtanas éigeantach oiliúna i gceist leis an ról seo.<br>Déanfar riachtanais oiliúna a aithint agus tabhar tacaíocht dóibh trí Chóras Bainistithe Feidhmíochta BIM. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal:

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €56,556 - €71,227 (amhail an 1 Meitheamh 2024) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d’Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d’fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d’fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



**An Bealach le hiarratas a dhéanamh:**

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

**29 Iúil 2024**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Is Grád oifigeach feidhmiúcháin agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

**Úsáid Sonraí**

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

---

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

Investors in Diversity SILVER